# An Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe

## Maidir leis an gCeart chun Obair Sholúbtha a Iarraidh agus Ceart chun Cianobair a Iarraidh

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

# Clár ábhair


**Brollach** **3**
**Bonn Reachtaíochta** **4**
**Aidhm an Chóid Cleachtais** **5**

**1. Obair Sholúbtha** **6**
Cad is Obair Sholúbtha ann? 7
Ceart chun Obair Sholúbtha a Iarraidh 8
Iarraidh ar Obair Sholúbtha a Dhéanamh 8
Ceart Freagra a Fháil ar Iarraidh ar Obair Sholúbtha 9
Athruithe ar Shocrú Oibre Solúbtha 10
Deireadh le Socrú Oibre Solúbtha 10
Filleadh ar an Socrú Oibre a Bhí ann Roimhe 11
Mí-Úsáid á Baint as Socrú Oibre Solúbtha 12
Fostaithe a Chosaint ó Phionósú 12
Ábhair Imní a Chur in Iúl 12
Taifid a Choinneáil 13

**2. Cianobair** **14**
Cad is Cianobair ann? 15
Ceart chun Cianobair a Iarraidh? 15
Iarraidh ar Chianobair a dhéanamh 15
Ceart Freagra a Fháil ar Iarraidh ar Chianobair 16
Iarraidh ar Chianobair á Bhreithniú 17
Athruithe ar Shocrú Cianoibre 19
Deireadh le Socrú Cianoibre 19
Filleadh ar an Socrú Oibre a Bhí ann Roimhe 20
Mí-Úsáid á Baint as Socrú Cianoibre 20
Fostaithe a Chosaint ó Phionósú 21
Ábhair Imní a Chur in Iúl 21
Taifid a Choinneáil 22

**3. Iarratais Bheartais agus ar Theimpléad** **23**
Beartas um Chothromaíocht Oibre agus
Saoil a Fhorbairt 24
Iarratas Teimpléadach ar Obair Sholúbtha 29
Iarratas Teimpléadach ar Chianobair 31

# Brollach

Mar fhreagairt ar iarraidh ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, d'ullmhaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCAO) Cód Cleachtais (an Cód) chun treoraíocht a thabhairt d'fhostóirí agus fostaithe ar dhea-chleachtas maidir leis an gceart atá ag catagóirí áirithe oibrithe socruithe oibre solúbtha a iarraidh chun críocha cúraim, agus maidir leis an gceart atá ag gach oibrí cianobair a iarraidh. Tá na cearta reachtúla seo leagtha amach san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 agus na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998-2023.

Tá athruithe móra tagtha ar an mbealach ina n-oibríonn cuid mhór againn le blianta beaga anuas, agus tá béim níos mó ar réitigh oibre sholúbtha a úsáid chun rannpháirtíocht san fhórsa oibre a chothú. Tá réitigh den chineál sin ag éirí níos tábhachtaí anois mar thosaíochtaí i raon leathan peirspictíochtaí, idir inbhuanaitheacht nó buntáistí don chomhshaol, nó chun rannpháirtíocht ban, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas agus gach duine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu a mhéadú.

Ag leibhéal na hEorpa, is í an aidhm a bhí i dTreoir 2019/1158 maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil do Thuismitheoirí agus Cúramóirí, trasuite in Éirinn san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 ná rannpháirtíocht ban sa mhargadh oibre a mhéadú, agus úsáid chomhroinnte saoire teaghlachbhunaithe agus oibre solúbtha a mhéadú. Tá an fhorbairt seo, a tháinig sna sála ar Covid 19 agus ar an aistriú tobann go cianobair, tar éis an bealach ina n-oibríonn cuid mhór againn a athrú ó bhonn.

Is féidir tionchar mór a bheith ag iarmhairtí socruithe oibre solúbtha agus cianoibre. Is féidir le tuismitheoirí agus cúramóirí leas a bhaint as cothromaíocht oibre-saoil níos fearr a d'fhéadfadh feabhas a chur ar choinneáil foirne a bhfuil taithí acu. Is féidir le comhlachtaí buntáiste a bhreith as foinse daoine oilte atá níos leithne agus tá an deis ag fostaithe a gcuid gealltanas agus gníomhaíochtaí a eagrú timpeall ar a gcuid oibre. D'fhéadfadh go mbainfí níos mó sásaimh as poist agus go mbeadh spiorad foirne níos láidre ann mar thoradh air seo ar fad. Ag an am céanna, is féidir le socruithe den chineál seo dúshláin a chruthú, go háirithe i dtaca le comhobair, imeascadh, bainistíocht foirne agus cumarsáide. Réimse is ea iad seo a mbeidh orainn aghaidh a thabhairt orthu de réir mar a fhorbraíonn an áit oibre.

I gcomhthéacs na gceart nua reachtúil seo, bhí an Rialtas den tuairim go mbeadh sé tairbheach Cód Cleachtais a bheith ann chun cabhrú le fostaithe agus le fostóirí a threorú trí na castachtaí a bhaineann le hiarrataí ar shocruithe oibre solúbtha agus cianoibre.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a rinne aighneachtaí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an gCód seo as a n-ionchur agus d'ionadaithe Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) agus ionadaithe Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) as a gcuid oibre agus iad ag cabhrú leis an gCoimisiún chun an Cód seo a thabhairt chun críche.

**Anna Perry**
Ard-Stiúrthóir Gníomhach
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

# Bonn Reachtaíochta

Forálann Alt 31(1) den Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 go bhféadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ordachán a thabhairt don Choimisiún Cód Cleachtais a ullmhú agus a thíolacadh chun treoir phraiticiúil a thabhairt d'fhostóirí, d'fhostaithe agus d'aon daoine eile maidir leis na bearta a fhéadfar a ghlacadh chun na forálacha maidir le Cuid 11A de na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998-2023, a chomhlíonadh nó Cuid 3 den Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023.

Roimh dhréacht-Chód Cleachtais a aighniú don Aire, iarrfaidh an Coimisiún ar aon duine atá oiriúnach, dar leis, lena n-áirítear ceardchumainn, comhlachtaí ionadaíocha fostóirí agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, aighneachtaí a chur faoina mbráid maidir leis an dréacht-Chód Cleachtais, agus déanfaidh an Coimisiún aon aighneacht den chineál sin a dhéanfar, a mheas.

Foráiltear in Alt 20(2) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, arna iarraidh sin don Aire, go n-ullmhóidh an CCAO dreachtchóid chleachtais lena gcur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Treoirlínte scríofa is ea cóid chleachtais, a aontaíodh i bpróiseas comhairliúcháin, ina leagtar amach treoraíocht agus dea-chleachtas d'fhostóirí agus fostaithe i dtaca le reachtaíocht fostaíochta a chomhlíonadh.

Tagann na feidhmeanna reachtúla seo laistigh de shainchúram foriomlán An Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCAO) maidir le feabhsú agus cothabháil dea-chaidreamh san ionad oibre a chur chun cinn; comhlíonadh a chur chun cinn i dtaca le reachtaíocht fostaíochta, cothromais agus stádais chomhionainn agus le cóid chleachtais faisnéis a chur ar fáil don phobal; agus athbhreithnithe agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar chaidreamh san áit oibre trí chéile.

Cé nach coir inti féin mainneachtain cód a leanúint, foráiltear in Alt 20(9) san Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, agus Alt 31(9) den Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 in aon imeachtaí os comhair Cúirte, na Cúirte Oibreachais nó Oifigeach Breithniúcháin an CCAO, go bhfuil Cód Cleachtais inghlactha mar fhianaise. Cuirfear aon fhoráil sa Chód atá ábhartha, dar leis an gCúirt, an comhlacht, nó an t-oifigeach lena mbaineann, d'aon cheist a éiríonn as na himeachtaí, san áireamh agus an cheist sin á breithniú.

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, reáchtáil an CCAO comhairliúchán poiblí agus fuair sé breis is 50 aighneacht, rudaí a meádh ina n-iomláine agus an Cód seo á fhorbairt. Agus an Cód á thabhairt chun críche, chuaigh an CCAO i dteagmháil le hionadaithe fostóirí agus fostaithe, Ibec agus ICTU ina measc.

# Aidhm an Chóid Cleachtais

Is é Aidhm an Chóid Chleachtais seo ná treoraíocht a chur ar fáil d'fhostóirí agus fostaithe maidir le conas a dhéantar iarrataí ar shocruithe oibre solúbtha agus cianoibre agus conas a láimhseáiltear iad. Ceapadh é chun tacú le fostóirí, fostaithe agus/nó a n-ionadaithe tuiscint a fháil ar na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach san Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998-2023 arna leasú ag an Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 i dtaca le hiarrataí ar Obair Sholúbtha (OS) agus san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 i dtaca le hiarrataí ar Chian-Obair (CO). Tá sé mar aidhm ann treoir a thabhairt ar phrionsabail dea-chleachtais sna próisis seo trí chéile, lena n-áirítear an próiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun iarrataí agus aon athruithe a iarrtar nó a dhéantar ar shocrú a bhreithniú.

Go sonrach, is í aidhm an Chóid ná:

- leagan amach mhionsonraí na bpróiseas i dtaca le hiarrataí ar OS agus CO a dhéanamh agus a bhainistiú, cásanna ina n-iarrtar athruithe a dhéanamh ar an socrú aontaithe san áireamh;
- tacú le fostóirí, cinnteoireacht oibiachtúil, chothrom agus réasúnta a dhéanamh agus iarrataí ar OS agus CO á mbreithniú acu
- treoraíocht phraiticiúil maidir le dea-chleachtas a thairiscint d'fhostóirí, fostaithe agus/nó a n-ionadaithe le cinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht
- cabhrú le beartais agus nósanna imeachta san áit oibre a fhorbairt chun déileáil le hiarrataí ar obair sholúbtha agus cianobair, ionas go mbeadh soiléire, trédhearcacht agus comhleanúnachas ann d'fhostaithe agus d'fhostóirí
- treoraíocht a thabhairt maidir le haighnis a réiteach i dtaca le hiarrataí ar OS nó CO chomh fada is a bhaineann siad le próiseáil na n-iarrataí
- faisnéis a chur ar fáil don phobal i dtaca leis na hachtacháin chuí.

Ní choiscfidh aon ní sa Chód Cleachtas seo foráil a chur le comhaontú atá níos fabhraí d'fhostaí ná teidlíocht atá leagtha amach sa reachtaíocht. Ba chóir an Cód thíos a léamh in éineacht le hoibleagáidí fostaíochtaí agus dlí comhionannais reatha.

In ainneoin go rabhthas fíorchúramach agus an Cód seo á ullmhú, ní féidir leis an CCAO aon fhreagracht a ghlacadh maidir le cruinneas nó iomláine na faisnéise, nó cé chomh cothrom le dáta is atá sí, agus ní thugann an CCAO aon ghealltanas nó tiomantas i dtaobh na nithe siúd, agus ní ghlacann sé le dliteanas ar bith a eascraíonn as aon earráid nó easnamh atá inti. Is í an aidhm atá sa Chód na cúrsaí a shimpliú, ach ceadaigh don reachtaíocht le haghaidh an téacs atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

# Obair Sholúbtha

# Cad is Obair Sholúbtha ann?

Chun críocha na nAchtanna um Shaoire Do Thuismitheoirí, 1998 -2023 is socrú oibre é OS ina ndéantar athrú ar uaireanta nó patrúin oibre fostaí, agus áirítear air sin, úsáid a bhaint as socruithe cianoibre, sceidil oibre solúbtha nó uaireanta oibre laghdaithe.

Is féidir leaganacha éagsúla a bheith ag OS, ag brath ar nádúr an róil agus/nó an ghnólachta, lena n-áirítear:

| Cineálacha Oibre Solúbtha | Cur síos |
|---|---|
| Obair pháirtaimseartha | Sa chás go n-oibríonn fostaí níos lú uaireanta ná fostaithe lán-aimseartha. |
| Obair théarma | Nuair is féidir le fostaí saoire neamhíoctha a thógáil ar feadh tréimhse áirithe le linn na bliana, le linn an tsamhraidh de ghnáth. |
| Postroinnt | Nuair a roinntear post lánaimseartha ina dhá phost pháirtaimseartha agus roinneann an bheirt fostaithe dualgais agus freagrachtaí iomlána an róil. Roinntear pá agus sochair de réir na n-uaireanta a oibríonn gach fostaí. |
| Fleisc-Am | Nuair is féidir le fostaí a (h)amanna tosaithe agus a (h)amanna críochnaithe a athrú ionas go mbeadh sé/sí lasmuigh de na huaireanta lárnacha, agus é/í fós ag comhlíonadh na n-uaireanta atá riachtanach a dhéanamh gach seachtain/mí faoi mar atá sonraithe ina c(h) onradh. |
| Uaireanta oibre dlúite | Nuair a shíníonn fostaí a laethanta oibre ionas go mbeidh siad níos faide mar bhloic ama, agus mar sin, tógann sé níos lú laethanta air/uirthi a (h)uaireanta lánaimseartha a oibriú. Sampla de sin is ea seachtain cúig lá a laghdaítear go seachtain ceithre lá. |
| Cianobair | Nuair a oibríonn fostaí cuid den tseachtain nó an tseachtain ar fad in ionad atá i bhfad ó áit oibre an fhostóra. D'fhéadfadh teach an fhostaí a bheith i gceist. |

Tábla 1. Socruithe Oibre Solúbtha

# An Ceart Obair Sholúbtha a Iarraidh

Chun iarraidh reachtúil a dhéanamh ar OS faoin Acht ní mór d'fhostaí:

- a bheith ina t(h)uismitheoir nó ag feidhmiú in loco parentis do leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d'aois nó faoi bhun 16 bliana d'aois má tá an leanbh faoi mhíchumas nó má tá tinneas air/uirthi agus ní mór gurb é/í féin atá ag tabhairt aire don leanbh, nó
- tá nó beidh an fostaí ag tabhairt aire nó tacaíocht phearsanta do dhuine ar leith, .i. leanbh, céile, páirtnéir sibhialta, comhchónaitheoir, tuismitheoir, seantuismitheoir, siblín an fhostaí nó duine seachas na catagóirí thuasluaite a bhfuil cónaí air/uirthi sa teaghlach céanna leis an bhfostaí. Ní mór go mbeidh cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth ar an duine ar chúis liachta thromchúiseach.

Is féidir le fostaí OS a iarraidh ón gcéad lá ina p(h)ost nua, ach ní mór dóibh 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach ar a laghad a chríochnú lena f(h)ostóir sular féidir le socrú faofa den chineál sin tosú. Déanfar neamhaird ar bhearna seirbhíse a mhaireann níos lú ná 26 seachtain agus é á mheas an bhfuil na 6 mhí de sheirbhís leanúnach atá riachtanach ag an bhfostaí sular féidir le socrú OS tosú.

# Iarraidh ar Obair Sholúbtha a Dhéanamh

Ní mór d'fhostaí a iarraidh ar OS a aighniú dá f(h)ostaí a luaithe agus atá indéanta le réasún ach ag tráth nach déanaí ná 8 seachtaine roimh an dáta tosaithe beartaithe.

Ní mór d'iarraidh ar OS a bheith i scríbhinn agus a bheith sínithe ag an bhfostóir. Chun críocha an Chóid seo, is féidir an riachtanas seo a chomhlíonadh le hiarratas ar líne. Ní mór an fhaisnéis seo a thíos a bheith istigh san fhoirm iarrata scríofa nó ar líne.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith istigh in iarraidh ar OS chun críocha cúraim, chun cabhrú leis an bhfostóir don phróiseas cinnteoireachta:

- an cineál OS atá á iarraidh;
- an dáta tosaithe beartaithe; agus
- tréimhse bheartaithe an tSocraithe OS.

Ós rud é gur féidir le fostóir aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh go dteastódh uaidh/uaithi le réasún i dtaobh an duine a bhfuil cúram de dhíth air/uirthi a iarraidh ar an bhfostaí, moltar d'fhostaithe na cáipéisí ábhartha agus/nó an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach ina gcéad iarratas chun an próiseas a éascú:

- sonraí an daoine a bhfuiltear ag déanamh iarrata ar OS chun críocha cúraim ina leith .i. leanbh nó duine ar leith dá bhforáiltear faoin Acht. D'fhéadfadh tuismitheoir, céile, páirtnéir sibhialta, seantuismitheoir, comhchónaitheoir, deartháir nó deirfiúr an fhostaí a bheith i gceist leis;
- i gcás linbh, cóip de theastas breithe an linbh nó de theastas socrúcháin an linbh ó ghníomhaireacht uchtála chláraithe nó ó Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach);

- i gcás duine a bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth air/uirthi ar chúis liachta thromchúiseach:
  - caidreamh an fhostaí leis an duine, agus
  - an cineál cúraim nó na tacaíochta suntasaí, agus fianaise ábhartha faoin ngá atá le cúram nó tacaíocht shuntasach, is é sin le rá;
- teastas dochtúra;
  - ina luaitear go bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth ar an duine a ainmnítear sa teastas ar chúis liachta thromchúiseach, agus
  - é sínithe ag liachleachtóir cláraithe

  Nó
- in éagmais teastas dochtúir, cibé fianaise a éileoidh an fostóir le réasún le taispeáint go bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth ar an duine atá i gceist ar chúis liachta thromchúiseach.

Ba chóir d'fhostóirí agus fostaithe araon aird a choinneáil ar na ceanglais atá orthu faoi RGCS i dtaca le sonraí pearsanta íogaire den chineál sin.

- Is féidir le fostaí a (h)iarratas ar OS a tharraingt siar, go dtí go gcuireann an fostaí agus an fostóir a lámh le socrú faofa. Ní mór an fógra chun an iarraidh a tharraingt siar a bheith i scríbhinn agus ní mór don fhostaí é a shíniú agus a thabhairt don fhostóir.

## Ceart Freagra a Fháil ar Iarraidh ar Obair Sholúbtha

Ní mór d'fhostóir a fhaigheann iarraidh ar OS é a fhreagairt a luaithe is atá indéanta le réasún, ach ag tráth nach déanaí ná 4 seachtaine i ndiaidh an iarraidh a fháil. Má tá deacracht ag an bhfostóir bailíocht an iarratais a mheas, is féidir leis/léi síneadh nach mó ná 8 seachtaine a chur leis an tréimhse 4 seachtaine.

Faoi cheann 4 seachtaine ó fuair sé/sí an iarraidh, ní mór don fhostóir:

- an iarraidh a fhaomhadh agus comhaontú a chur ann, atá sínithe ag an bhfostóir agus an fostaí, ina leagtar amach sonraí an chomhaontaithe a aontaíodh, an dáta tosaithe agus fad an tsocraithe, nó
- fógra i scríbhinn a sholáthar ina gcuirtear in iúl don fhostaí gur diúltaíodh don iarraidh agus na cúiseanna leis an diúltú sin, nó
- fógra i scríbhinn a sholáthar ina gcuirtear in iúl don fhostaí go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun an iarraidh a mheas agus fad an tsínithe a leagan amach.

Nuair a bheidh an comhaontú sínithe ag an bhfostóir agus ag an bhfostaí, ní mór don fhostóir an comhaontú a choinneáil agus cóip den chomhaontú a sholáthar don fhostaí.

## Ag Breathnú ar Iarratas Oibre Solúbtha

Ní mór don fhostóir a fhaigheann iarraidh ar OS an iarraidh a bhreithniú, ag féachaint:

- dá gcuid riachtanas féin, .i. do riachtanais an ghnó;
- do riachtanais an fhostaí, .i. na cúiseanna a bhfuil an fostaí ag iarraidh OS.

Agus iarraidh ar OS á bhreithniú, b'fhéidir gur mhaith le fostóirí breathnú ar an treoraíocht atá leagtha amach i gCuid 2 den chód seo i dtaca le hiarraidh ar CO a bhreithniú.

## Athruithe ar Shocrú Oibre Solúbtha

Is féidir le fostóir agus fostaí aontú, i scríbhinn, ar athrú ar shocrú OS atá sínithe cheana féin, sula dtosaíonn sé nó i ndiaidh dó tosú.

Is féidir gurb ionann athrú ar shocrú agus:

- an socrú nó cuid de a chur ar athló go dtí dáta a aontaíodh; nó
- tréimhse an chomhaontuithe a chiorrú ar bhealach agus sa mhéid a aontaíodh; nó
- an socrú a athrú ar bhealach ar aontaíodh.

Sa chás nár thosaigh socrú OS faofa go fóill, agus éiríonn an fostaí tinn nó fágtar é/í ar éagumas agus nach bhfuil sé/í ábalta an cúram a thabhairt ar a bhfuil an socrú OS bunaithe, is féidir leis an bhfostaí fógra a thabhairt don fhostóir chun an socrú a chur ar athló go dtí go dtéarnóidh an fostaí.

Ní mór don fhógra seo a bheith i scríbhinn agus é a thabhairt a luaithe agus atá indéanta le réasún agus ní mór teastas dochtúra nó fianaise eile den chineál sin gabháil leis a d'fhéadfadh an fostóir a éileamh le réasún a léiríonn nach bhfuil an fostóir ábalta cúram a thabhairt don duine atá i gceist.

## Deireadh le Socrú Oibre Solúbtha

Is féidir le fostóir socrú OS faofa a fhoirceannadh i gcúinsí áirithe, sula dtosaíonn sé nó i ndiaidh dó tosú, má tá an fostóir sásta go n-imreodh an socrú OS, drochthionchar suntasach ar fheidhmiú a g(h)nó, g(h)airme nó p(h)oist, nó go bhfuil sé ag imirt drochthionchair ar na nithe sin, mar gheall ar:

- athraithe séasúracha ar mhéid na hoibre atá i gceist, nó
- duine in easnamh chun dualgais an fhostaí san fhostaíocht a chomhlíonadh, nó
- cineál dualgas atá ar an bhfostaí san fhostaíocht, nó
- líon na bhfostaithe san fhostaíocht, nó
- líon na bhfostaithe san fhostaíocht, a dtarlaíonn a dtréimhsí OS faofa, ina n-iomláine nó go páirteach, i gcomhthráth leis an tréimhse a shonraítear i socrú OS an fhostaí, nó

- aon cheist eile atá ábhartha do dhrochthionchar suntasach ar fheidhmiú ghnó, ghairm, nó phost an fhostóra.

Sna cásanna sin, is féidir leis an bhfostóir fógra a thabhairt don fhostaí i scríbhinn i dtaobh fhoirceannadh an tsocraithe, i ndiaidh dó/di na rudaí seo a leanas a chur san áireamh;

- dá gcuid riachtanas féin, .i. do riachtanais an ghnó;
- riachtanais an fhostaí, .i. cúiseanna an fhostaí chun OS a iarraidh; agus
- riachtanais an Chóid Cleachtais seo i dtaca le foirceannadh a bhreithniú.

Ní mór go leagfaí amach san fhógra na cúiseanna leis an bhfoirceannadh chomh maith leis an dáta a gcaithfidh an fostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh. Ní féidir leis an dáta seo a bheith níos luaithe ná 4 seachtaine ón dáta a fhaightear an fógra foirceanta ach amháin i gcás go bhfuil an dáta a dtagann an socrú OS chun deiridh níos luaithe ná 4 seachtaine ón dáta a bhfaightear an fógra.

Sula dtugann fostóir fógra foirceanta, ní mór dó/di:

- an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn go mbeartaíonn sé/sí an socrú a fhoirceannadh, agus
- sonraí faoi na forais atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh, agus
- 7 lá a thabhairt don fhostaí, i ndiaidh an fógra a fháil, chun aighneachtaí a dhéanamh don fhostóir i dtaca lena bhfuil beartaithe aige/aici, agus
- aon aighneachtaí a dhéanann an fostaí a bhreithniú sula gcinneann sé/sí ar fhógra foirceanta a thabhairt.

Agus é á bhreithniú ag fostóir an ndéanfaidh sé/sí socrú OS a fhoirceannadh, ní mór dó/di a mheas an bhfuil na cúiseanna atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh, oibiachtúil, cóir agus réasúnta. Ba chóir na forais leis an gcinneadh a leagan amach ar bhealach soiléir san fhógra chun cabhrú leis an bhfostaí a thuiscint cé fáth a bhfuil an socrú á fhoirceannadh agus go ndearnadh breithniú ar an gcinneadh. I gcás ina bhfaigheann an fostaí an fógra, ba chóir don fhostóir aon aighneachtaí atá déanta ag an bhfostaí a bhreithniú ar bhealach oibiachtúil, cóir agus réasúnta. Ba chóir do na páirtithe a mheas an mbeidh aon socrú eile seachas foirceannadh indéanta ag brath ar chúinsí sonracha gach cás aonair.

Má shocraíonn an fostóir go leanfaidh sé/sí air leis an socrú a fhoirceannadh, ní mór don fhostaí filleadh ar a s(h)ocrú oibre bunaidh ar an dáta atá luaite san fhógra.

## Filleadh ar an Socrú Oibre a Bhí ann Roimhe

Is féidir leis an bhfostaí le fógra i scríbhinn iarraidh filleadh ar na socruithe oibre bunaidh ar dháta níos luaithe ná an ceann a bhí beartaithe trí chúiseanna agus dáta beartaithe fillte a thabhairt. Ní mór don fhostóir an iarraidh a bhreithniú agus fógra a thabhairt ina dtugtar le fios cibé ar glacadh leis an iarraidh nó ar diúltaíodh di agus na cúiseanna leis an diúltú sin a lua, faoi cheann 4 seachtaine ón dáta a bhfuarthas an iarraidh. Agus an iarraidh á breithniú, ní mór don fhostóir aird a thabhairt ar:

- dá gcuid riachtanas féin, .i. do riachtanais an ghnó; agus
- riachtanais an fhostaí, .i. na cúiseanna a ndearna an fostaí iarraidh chun filleadh ar an obair níos luaithe.

Má aontaíonn an fostóir go bhfillfidh an fostaí níos luaithe, is féidir leo dáta eile a mholadh chun filleadh ar an socrú oibre bunaidh.

I ndiaidh do shocrú OS an fhostaí a dhul in éag, tá sé de cheart ag an bhfostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh a bhí aige/aici sular faomhadh an socrú OS.

## Mí-Úsáid á Baint as Socrú Oibre Solúbtha

Ní mór d'fhostaí an socrú OS faofa a úsáid chun na críche ar faomhadh é.

Má tá forais réasúnta ag an bhfostóir chun a chreidiúint nach bhfuil an socrú OS in úsáid chun na críche sin, is féidir leis/léi fógra foirceanta a thabhairt i scríbhinn ina leagtar amach na cúiseanna leis an bhfoirceannadh agus ina sonraítear an dáta a mbeidh ar an bhfostaí filleadh ar a s(h)ocrú oibre bunaidh.

Sula dtugann fostóir fógra foirceanta ar na forais seo, ní mór dó/di:

- an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn go mbeartaíonn sé/sí an socrú a fhoirceannadh; agus
- sonraí faoi na forais atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh; agus
- 7 lá a thabhairt don fhostaí, i ndiaidh an fógra a fháil, chun aighneachtaí a dhéanamh don fhostóir i dtaca lena bhfuil beartaithe aige/aici; agus
- aon aighneachtaí a dhéanann an fostaí a bhreithniú sula gcinneann sé/sí ar fhógra foirceanta a thabhairt.

Ceanglaítear ar fhostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh 7 lá i ndiaidh dó/di fógra foirceanta a fháil as mí-úsáid a bhaint as socrú.

## Fostaithe a Chosaint ó Phionósú

Níor cheart d'fhostóir fostaí a phionósú mar gheall gur bheartaigh sé/sí a c(h)earta a fheidhmiú chun iarraidh a dhéanamh ar OS nó ar fhilleadh ar an socrú oibre a bhí an roimhe seo.

## Ábhair Imní a Chur in Iúl

Is féidir go dtarlóidh sé go n-airíonn fostaí nár breithníodh an iarraidh ar OS i gcomhréir leis an reachtaíocht agus/nó leis an gCód Cleachtais seo. Mholfaimis d'fhostóirí agus fostaithe iarracht a dhéanamh aon fhadhbanna a réiteach ag an leibhéal áitiúil. I gcás go bhfuil comhaontú comhchoiteann idir ceardchumann agus fostóir, ba chóir do na páirtithe ceadú do na téarmaí sin agus gearán á dhéanamh acu.

In eagraíochtaí atá níos mó agus a bhfuil aonaid AD ar leith acu, ba chóir smaoineamh ar bhall den fhoireann AD a ainmniú chun go mbeadh sé/sí mar phointe teagmhála le haghaidh ceisteanna OS.

Murar éirigh le próiseas neamhfhoirmiúil an fhadhb a réiteach, is féidir an nós imeachta foirmiúil chun gearáin a dhéanamh atá ag an gcomhlacht a úsáid ansin.

D'ainneoin gur féidir sárú ar an Acht a chur ar aghaidh chuig an CCAO ag pointe ar bith, má dhéileáiltear leis an gceist tríd an nós imeachta chun gearáin a dhéanamh atá ag an gcomhlacht agus má tá sé fós gan réiteach i ndiaidh é sin a chríochnú, is féidir leis an bhfostaí é a chur ar aghaidh chuig an CCAO agus tagairt a dhéanamh don Chód seo.

Is féidir sárú áirithe ar an Acht a chur ar aghaidh chuig an CCAO, faoi cheann sé mhí ón dáta a ndearnadh an sárú. Is féidir le hOifigeach Breithniúcháin (OB) ón CCAO síneadh a chur leis an tréimhse seo go dtí 12 mhí dhéag sa chás go bhfuil an OB sásta gur mainníodh an gearán a chur isteach laistigh den tréimhse 6 mhí thosaigh ar chúiseanna réasúnta.

Faoi acht, níl sé de chumhacht dhlíthiúil ag OB ón CCAO nó ag an gCúirt Oibreachais fiúntas aon chinnidh atá déanta ag fostóir i dtaca le OS a mheas. Is éard is brí leis seo ná nach féidir leo breathnú laistiar d'fhiúntas an chinnidh, ní féidir leo ach breathnú ar an bpróiseas ar a bhfuil cinneadh an fhostóra bunaithe.

Is féidir leis an OB, nó an Chúirt Oibreachais i ndiaidh achomhairc, ordú don fhostóir ailt áirithe den Acht a chomhlíonadh agus/nó cúiteamh a dhámhachtain don fhostaí, méid nach mó nó 20 seachtain de luach saothair le híoc ag an bhfostóir.

Is gnách go n-éistear géaráin a chuirtear ar aghaidh chuig an CCAO agus an Chúirt Oibreachais go poiblí, agus ainmnítear na páirtithe sna cinntí, ach amháin i gcúinsí sainiúla.

## Taifid a Choinneáil

Ní mór d'fhostóir taifead a choinneáil ar na socruithe OS faofa atá tógtha ag a c(h)uid fostaithe. Má theipeann ar fhostóir taifid a choinneáil, dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil suas go €2,500 a chur air/uirthi. Ní mór an taifead a choinneáil ar feadh trí bliana agus ní mór iad seo a bheith istigh ann:

- tréimhse fostaíochta gach fostaí agus
- na dátaí a raibh gach fostaí ar shocrú OS faofa; agus
- an líon uaireanta a bhí gach fostaí ar shocrú OS faofa.

Ní mór don fhostóir agus don fhostaí gach fógra, nó cóipeanna d'fhógraí a thugann nó a fhaigheann an fostóir nó fostaí a choinneáil ar feadh bliain amháin freisin.

# Cianobair

# Cad is Cianobair ann?

Chun críocha an Achta um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 (Acht 2023) is éard is Cianobair (CO) ann ná socrú ina ndéantar an obair nó cuid den obair a dhéanann an fostaí go hiondúil in áit oibre an fhostóra faoi chonradh fostaíochta, go ndéantar í ag ionad seachas ag áit ghnó an fhostóra gan athrú ar ghnáthuaireanta oibre nó gnáthdhualgais an fhostaí.

# Ceart chun Cianobair a Iarraidh

Tá sé de cheart ag gach fostaí iarraidh reachtúil a dhéanamh ar CO. Is féidir le fostaí CO a iarraidh ón gcéad lá ina p(h)ost nua, ach ní mór dóibh 6 mhí d’fhostaíocht leanúnach ar a laghad a chríochnú lena f(h)ostóir sular féidir le socrú faofa den chineál sin tosú. Déanfar neamhaird ar bhearna seirbhíse a mhaireann níos lú ná 26 seachtain agus é á mheas an bhfuil na 6 mhí de sheirbhís leanúnach atá riachtanach ag an bhfostaí sular féidir le socrú CO tosú.

# Iarraidh ar Chianobair a Dhéanamh

Ní mór d’fhostaí a iarraidh ar CO a aighniú dá f(h)ostóir a luaithe agus atá indéanta le réasún ach ag tráth nach déanaí ná 8 seachtaine roimh an dáta tosaithe beartaithe.

Ní mór d’iarraidh ar CO a bheith i scríbhinn agus a bheith sínithe ag an bhfostaí. Chun críocha an Chóid seo, is féidir an riachtanas seo a chomhlíonadh le hiarratas ar líne. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith istigh in iarraidh ar CO, i scríbhinn nó ar líne, chun cabhrú leis an bhfostóir don phróiseas cinnteoireachta:

- sonraí an tsocraithe CO .i. cé mhéad lá agus cé na laethanta a iarrtar; agus
- an dáta tosaithe agus dáta deiridh beartaithe an tsocraithe, más ábhartha; agus
- na cúiseanna a bhfuil CO á iarraidh.

Seo an deis atá ag an bhfostaí chun a chur in iúl dá fhostóir cé chomh muiníneach is atá sé/sí as a c(h)umas leanúint orthu a ról a chomhlíonadh ar an gcaighdeán riachtanach go cianda, chomh maith leis na cúiseanna sonracha indibhidiúla atá aige/aici chun an t-iarratas ar CO a dhéanamh. Áirítear ar na cúiseanna chun CO a iarraidh, (ach níl siad teoranta dóibh seo amháin):

- turas laethúil agus lorg coise carbóin a laghdú;
- cáilíocht saoil lasmuigh d’uaireanta oibre a fheabhsú;
- cúinsí pearsanta nó sa bhaile;
- néara-éagsúlacht nó riachtanais leighis sainiúla nó cúinsí a d’fhágfadh gur fearr timpeallacht nó áiseanna oibre ciúine nach bhfuil i gcónaí ar fáil san oifig.

Istigh san iarratas ní mór go mbeadh:

- sonraí faoin ionad CO atá beartaithe (e.g. sa bhaile, i mol oibre) agus,
- eolas faoina oiriúnaí is atá an t-ionad atá beartaithe, agus mar chuid de sin ba chóir go mbeadh eolas faoin méid seo a leanas, más ábhartha:
    - go bhfuil an trealamh cuí ag an stáisiún agus é cumraithe go hoiriúnach chun a chur ar chumas an fhostaí a ról agus a d(h)ualgais a chomhlíonadh ar an gcaighdeán riachtanach;
    - tá an fostóir sásta leis an achar atá idir an áit oibre chianda atá beartaithe agus áit oibre an fhostaí agus é/í ar an láthair;
    - stáisiún oibre oiriúnach a bhfuil príobháideachas leordhóthanach aige;
    - gealltanas ina gcinntítear go bhfuil sonraí agus maoin intleachtúil an chomhlachta slán agus i gcomhréir le beartais an fhostóra;
    - aontú go gcomhlíonfar oibleagáidí an fhostaí, agus go gcomhoibreofar le hoibleagáidí an fhostóra le cinntiú go gcloífear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005;
    - aontú le measúnú riosca agus, má fhaomhtar é, aontú gan aon athrú substaintiúil a dhéanamh ar an stáisiún oibre gan údarú;
    - aontú go bhfuiltear chun a thaispeáint go gcomhlíontar beartais agus bearta cosanta sonraí, rúndachta, TF, meán sóisialta, ríomhphost, cosanta maoine intleachtúla an chomhlachta, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;
    - léiriú go bhfuil trealamh agus teicneolaíocht ábhartha ar fáil ag an ionad beartaithe agus a aontú go gcinnteofar go n-úsáidfear an trealamh sin go hiomchuí;
    - dearbhú go bhfuil nasc idirlín oiriúnach agus slán ann chun an ról a chomhlíonadh, rud a bhféadfadh go mbeadh ar roinn TF an chomhlachta measúnú a dhéanamh air.

I ndiaidh a (h)iarraidh a aighniú, ní mór d'fhostaí, má iarrann a f(h)ostóir air/uirthi, aon eolas breise a d'fhéadfadh an fostóir a éileamh le réasún i dtaca leis an iarraidh.

Ba chóir d'fhostóirí agus fostaithe araon aird a choinneáil ar na ceanglais atá orthu faoi RGCS i dtaca le sonraí pearsanta íogaire a d'fhéadfadh a bheith i gceist in CO.

Is féidir le fostóir iarraidh ar CO a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn a thabhairt dá f(h)ostóir.

## Ceart Freagra a Fháil ar Iarraidh ar Chianobair

Ní mór d'fhostóir a fhaigheann iarraidh ar CO é a fhreagairt a luaithe is atá indéanta le réasún, ach ag tráth nach déanaí ná 4 seachtaine i ndiaidh an iarraidh a fháil. Má tá deacracht ag an bhfostóir bailíocht an iarratais a mheas, is féidir leis/léi síneadh nach mó ná 8 seachtaine a chur leis an tréimhse 4 seachtaine.

Faoi cheann 4 seachtaine ó fuair sé/sí an iarraidh i dtosach, ní mór don fhostóir:

- an iarraidh a fhaomhadh agus comhaontú a chur ann, atá sínithe ag an bhfostóir agus an fostaí, ina leagtar amach sonraí an chomhaontaithe a aontaíodh, an dáta tosaithe agus fad an tsocraithe, más ann dóibh nó
- diúltú don iarraidh trí fhógra i scríbhinn a sholáthar ina gcuirtear in iúl don fhostaí gur diúltaíodh don iarraidh agus na cúiseanna leis an diúltú sin; nó
- fógra i scríbhinn a sholáthar ina gcuirtear in iúl don fhostaí go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun bailíocht na hiarrata a mheas agus fad an tsínithe a leagan amach.

I ndiaidh don fhostaí agus don fhostóir an comhaontú a shíniú, ní mór don fhostóir an comhaontú a choinneáil agus cóip den chomhaontú a chur ar fáil don fhostaí.

## Iarraidh ar Chianobair á Bhreithniú

Ní mór d'fhostóir a fhaigheann iarratas ar chianobair an t-iarratas a bhreithniú, ag féachaint do:

- dá c(h)uid riachtanas féin, .i. riachtanais an ghnó; agus
- do riachtanais an fhostaí, .i. cúiseanna an fhostaí chun CO a iarraidh; agus
- riachtanais an Chóid Cleachtais seo i dtaca le hiarraidh a bhreithniú.

Ní mór d'fhostóir iarraidh ar CO a bhreithniú ar bhealach oibiachtúil, cóir agus réasúnta. Is féidir le fostaí a mheas cé chomh hoiriúnach is atá an ról do CO agus cé chomh hoiriúnach is atá an fostaí chun obair a dhéanamh go cianda. Ag breithniú dó/di cé chomh hoiriúnach is atá an ról nó an fostaí do CO, tá sé tábhachtach go mbreithnítear iad araon ar bhealach atá oibiachtúil, cóir agus réasúnta.

Agus é nó í ag breithniú an bhfuil ról oiriúnach do CO, d'fhéadfadh fostóir na ceisteanna seo a leanas a chur san áireamh. Liosta neamhchuimsitheach is ea í seo agus seans nach mbeidh na hábhair seo ábhartha i ngach cás:

- Cé  cineál oibre atá i gceist leis an ról seo?
- Cad iad príomhdhualgais an fhostaí?
- An féidir aon cheann de na dualgais atá mar chuid den ról a dhéanamh go cianda?
- An éilítear méid mór obair láimhe sa ról seo?
- An bhfuil tascanna a chaithfear a dhéanamh ar an láthair nó a dhéantar níos éifeachtaí nuair a dhéantar ar an láthair iad i gceist leis an ról seo?
- An éilítear sa ról go mbeadh rochtain ag fostaí ar threalamh/theicneolaíochtaí nach bhfuil ar fáil ach amháin ar an láthair?
- An éilítear sa ról go mbeidh teagmháil aghaidh ar aghaidh le cliaint, custaiméirí, nó fostaithe eile ar an láthair nó ag suímh eile?
- An imreodh cianobair tionchar ar cháilíocht na seirbhíse nó ar oibríochtaí na heagraíochtaí, dá gcuirfí san áireamh go bhfuil líon ard fostaithe ar shaoire fhaofa faoi láthair agus/nó ar shocruithe cianoibre nó oibre solúbtha?

- An bhfuil réitigh theicneolaíochta ann a d'fhéadfadh fadhbanna a eascraíonn as cianobair a mhaolú?
- An dtiocfaidh aon fhadhbanna sláinte agus sábháilteachta chun cinn má dhéantar gníomhaíochtaí go cianda?

Agus iarraidh ar CO á breithniú, is féidir le fostóir a chur san áireamh cé chomh hoiriúnach is atá an fostaí. Is féidir le fostóir na ceisteanna seo a leanas a mheas. Liosta neamhchuimsitheach is ea í seo agus seans nach mbeidh na hábhair seo ábhartha i ngach cás.

- An bhfuil na scileanna TF riachtanacha ag an bhfostaí chun a f(h)eidhmeanna poist riachtanacha a chomhlíonadh lasmuigh den oifig?
- An dtuigeann an fostaí a ról agus an amhlaidh nach bhfuil ach fíorbheagán maoirseachta uathu chun a c(h)uid tascanna a chomhlíonadh?
- Ar chomhlíon an fostaí caighdeáin agus riachtanais feidhmiúcháin an róil?
- An bhfuil an fostaí faoi réir tréimhse phromhaidh shínithe?
- An bhfuil an fostaí faoi réir plean feabhsaithe feidhmiúcháin gníomhach?
- An bhfuil an fostaí i mbun próiseas araíonachta leanúnach nó an bhfuil aon taifead beo ann ar ghníomh araíonachta?
- An bhfuil an fostaí faoi réir clár oiliúna, nó printíseachta a bhfuil maoirseacht de dhíth mar chuid de?
- Ar léirigh an fostaí go bhfuil sé de chumas aige/aici spriocdhátaí nó aon riachtanais ghnó eile a chomhlíonadh?
- An dtuigeann an fostaí go gcaithfear solúbthacht a léiriú nuair a éilítear air/uirthi freastal ar an láthair lasmuigh den chomhaontú aontaithe chun riachtanais an ghnó a chomhlíonadh?
- An dtuigeann an fostaí go bhféadfadh go mbeadh sé de riachtanas air/uirthi páirt a ghlacadh i gcruinnithe foirne/oiliúna/indibhidiúla ar líne agus iad ag obair go cianda?
- An bhfuil tinreamh sásúil ag an bhfostaí agus ar chomhlíon sé/sí beartas tinrimh an chomhlachta?
- An gcaitheann an fostaí a bheith ar an láthair chun críocha oiliúna, forbartha nó meantóireachta?
- An gcaitheann an fostaí a bheith ar an láthair chun comhoibriú lena c(h)omhghleacaithe i dtimpeallacht foirne nó i suíomh aghaidh-ar-aghaidh?

Sa chás nach féidir le fostóir socrú CO a d'iarr fostaí ina (h)iarraidh a fhaomhadh, ba chóir do na páirtithe smaoineamh ar shocrú malartach, má tá sé seo indéanta. Ba chóir don fhostóir agus an fostaí a bheith oscailte i dtaca le socrú malartach a fhiosrú, má tá sé seo indéanta, agus cúinsí sonracha gach cás aonair a chur san áireamh.

I gcás go dtagtar ar chomhaontú maidir le CO, ba chóir an comhaontú, agus é sínithe ag an bhfostaí agus an fostóir, a chur le bun chonradh fostaíochta an fhostaí agus ba chóir don dá pháirtí cóip a choinneáil de. Ba chóir d'fhostóirí a bheith aireach go bhféadfadh athruithe ar théarmaí agus coinníollacha an fhostaí eascairt as socrú CO i gcomhréir leis an Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 arna leasú.

## Athruithe ar Shocrú Cianoibre

Is féidir le fostóir agus fostaí aontú, i scríbhinn, ar athrú ar shocrú CO atá sínithe cheana féin, sula dtosaíonn sé nó i ndiaidh dó tosú.

Is féidir gurb ionann athrú ar shocrú agus:

- an socrú nó cuid de a chur ar athló go dtí dáta a aontaíodh; nó
- tréimhse an tsocraithe a chiorrú; nó
- an socrú a athrú ar bhealach ar aontaíodh.

## Deireadh le Socrú Cianoibre

Is féidir le fostóir socrú CO faofa a fhoirceannadh i gcúinsí áirithe, sula dtosaíonn sé nó i ndiaidh dó tosú, má tá an fostóir sásta go n-imreodh an socrú CO, drochthionchar suntasach ar fheidhmiú a g(h)nó, g(h)airme nó p(h)oist, nó go bhfuil sé ag imirt drochthionchar ar na nithe sin, mar gheall ar:

- athraithe séasúracha ar mhéid na hoibre atá i gceist, nó
- duine in easnamh chun dualgais an fhostaí in áit ghnó an fhostóra a chomhlíonadh, nó
- cineál dualgas atá ar an bhfostaí san fhostaíocht, nó
- aon cheist eile atá ábhartha do dhrochthionchar suntasach ar fheidhmiú ghnó, ghairm, nó phost an fhostóra,

Sna cásanna sin, is féidir leis an bhfostóir fógra a thabhairt don fhostóir i scríbhinn i dtaobh fhoirceannadh an tsocraithe, i ndiaidh dó/di na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- dá gcuid riachtanas féin, .i. do riachtanais an ghnó;
- riachtanais an fhostaí, .i. cúiseanna an fhostaí chun CO a iarraidh; agus
- riachtanais an Chóid Cleachtais seo i dtaca le foirceannadh a bhreithniú.

Ní mór go leagfaí amach san fhógra na cúiseanna leis an bhfoirceannadh chomh maith leis an dáta a gcaithfidh an fostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh. Ní fhéadfaidh an dáta seo a bheith níos luaithe ná 4 seachtaine ón dáta a bhfuarthas an fógra foirceanta mura bhfuil an dáta a thagann deireadh leis an socrú cianoibre faofa, níos lú ná 4 seachtaine ón dáta a bhfuarthas an fógra.

Sula dtugann fostóir fógra foirceanta, i dtosach ní mór dó/di:

- an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn go mbeartaíonn sé/sí an socrú a fhoirceannadh, agus
- sonraí faoi na forais atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh, agus
- 7 lá a thabhairt don fhostaí, i ndiaidh an fógra a fháil, chun aighneachtaí a dhéanamh don fhostóir i dtaca lena bhfuil beartaithe aige/aici, agus
- aon aighneachtaí a dhéanann an fostaí a bhreithniú sula gcinneann sé/sí ar fhógra foirceanta a thabhairt.

Agus é á bhreithniú ag fostóir an ndéanfaidh sé/sí socrú CO a fhoirceannadh, ní mór dó/di a mheas an bhfuil na cúiseanna atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh, oibiachtúil, cóir agus réasúnta. Ba chóir na forais leis an gcinneadh a leagan amach ar bhealach soiléir san fhógra chun cabhrú leis an bhfostaí a thuiscint cé fáth a bhfuil an socrú á fhoirceannadh agus go ndearnadh breithniú ar an gcinneadh. Ní mór don fhostóir aighneachtaí a rinne an fostaí a fuair an fógra a bhreithniú ar bhealach atá oibiachtúil, cóir, agus réasúnta. Ba chóir do na páirtithe a mheas an mbeidh aon socruithe eile seachas foirceannadh indéanta ag brath ar chúinsí sonracha gach cás aonair.

Má shocraíonn an fostóir go leanfaidh sé/sí air leis an socrú a fhoirceannadh, ní mór don fhostaí filleadh ar a s(h)ocrú oibre bunaidh ar an dáta atá luaite san fhógra.
.

## Filleadh ar an Socrú Oibre a Bhí ann Roimhe

Is féidir leis an bhfostaí le fógra i scríbhinn iarraidh filleadh ar an socrú oibre bunaidh ar dháta níos luaithe ná an ceann a bhí beartaithe trí chúiseanna agus dáta beartaithe fillte a thabhairt. Ní mór don fhostóir an iarraidh a bhreithniú agus fógra a thabhairt ina dtugtar le fios cibé ar glacadh leis an iarraidh nó ar diúltaíodh di agus na cúiseanna leis an diúltú sin a lua, faoi cheann 4 seachtaine ón dáta a bhfuarthas an iarraidh. Agus an iarraidh á breithniú, ní mór don fhostóir aird a thabhairt ar:

- dá gcuid riachtanas féin, .i. do riachtanais an ghnó;
- riachtanais an fhostaí, .i. na cúiseanna a ndearna an fostaí iarraidh chun filleadh ar an obair agus
- an Cód Cleachtais seo i dtaca le hiarraidh ar fhilleadh a bhreithniú.

Ba chóir d'fhostóir aon oibleagáid chonartha nó dhlíthiúil infheidhme atá ar aon pháirtí a chur san áireamh roimh iarraidh an fhostaí chun filleadh ar an socrú oibre bunaidh a fhaomhadh nó a eiteach. Má aontaíonn an fostóir go bhfillfidh an fostaí níos luaithe, is féidir leo dáta eile a mholadh don fhostaí chun filleadh ar an socrú oibre bunaidh.

I ndiaidh do shocrú CO an fhostaí a dhul in éag, tá sé de cheart ag an bhfostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh a bhí aige/aici sular faomhadh an socrú CO.

## Mí-Úsáid á Baint as Socrú Cianoibre

Ní mór go gcomhlíonfaidh an fostaí gach riachtanas a róil i gcónaí agus iad i mbun cianoibre. Má tá forais réasúnta ag an bhfostóir chun a chreidiúint nach bhfuil an fostaí ag comhlíonadh gach riachtanais de chuid a róil, is féidir leis/léi fógra foirceanta a thabhairt i scríbhinn ina leagtar amach na cúiseanna leis an bhfoirceannadh agus ina sonraítear an dáta a mbeidh ar an bhfostaí filleadh ar a s(h)ocrú oibre bunaidh.

Sula dtugann fostóir fógra foirceanta ar na forais seo, ní mór dó/di:

- an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn go mbeartaíonn sé/sí an socrú a fhoirceannadh; agus
- sonraí faoi na forais atá aige/aici chun an socrú a fhoirceannadh; agus

- 7 lá a thabhairt don fhostaí, i ndiaidh an fógra a fháil, chun aighneachtaí a dhéanamh don fhostóir i dtaca lena bhfuil beartaithe aige/aici; agus
- aon aighneachtaí a dhéanann an fostaí a bhreithniú sula gcinneann sé/sí ar fhógra foirceanta a thabhairt.

Ceanglaítear ar fhostaí filleadh ar an socrú oibre bunaidh 7 lá i ndiaidh dó/di fógra foirceanta a fháil as mí-úsáid a bhaint as socrú.

## Fostaithe a Chosaint ó Phionósú

Níor cheart d'fhostóir fostaí a phionósú mar gheall gur bheartaigh sé/sí a c(h)earta a fheidhmiú chun iarraidh a dhéanamh ar CO nó ar fhilleadh ar an socrú oibre a bhí ann roimhe seo.

## Ábhair Imní a Chur in Iúl

Is féidir go dtarlóidh sé go n-airíonn fostaí nár breithníodh an iarraidh ar CO i gcomhréir leis an reachtaíocht agus/nó leis an gCód Cleachtais seo. Mholfaimis d'fhostóirí agus fostaithe iarracht a dhéanamh aon fhadhbanna a réiteach ag an leibhéal áitiúil. I gcás go bhfuil comhaontú comhchoiteann idir ceardchumann agus fostóir, ba chóir do na páirtithe ceadú do na téarmaí sin agus gearán á dhéanamh acu.

In eagraíochtaí atá níos mó agus a bhfuil aonaid AD ar leith acu, ba chóir smaoineamh ar bhall den fhoireann AD a ainmniú chun go mbeadh sé/sí mar phointe teagmhála le haghaidh ceisteanna CO.

Murar éirigh le próiseas neamhfhoirmiúil an fhadhb a réiteach, is féidir an nós imeachta foirmiúil chun gearáin a dhéanamh atá ag an gcomhlacht a úsáid ansin.

D'ainneoin gur féidir sárú ar an Acht a chur ar aghaidh chuig an CCAO ag pointe ar bith, má dhéileáiltear leis an gceist tríd an nós imeachta chun gearáin a dhéanamh atá ag an gcomhlacht agus má tá sé fós gan réiteach i ndiaidh é sin a chríochnú, is féidir leis an bhfostaí é a chur ar aghaidh chuig an CCAO agus tagairt a dhéanamh don Chód seo.

Is féidir sárú áirithe ar an Acht a chur ar aghaidh chuig an CCAO, faoi cheann sé mhí ón dáta a ndearnadh an sárú. Is féidir le hOifigeach Breithniúcháin (OB) ón CCAO síneadh a chur leis an tréimhse seo go dtí 12 mhí dhéag sa chás go bhfuil an OB sásta gur mainníodh an gearán a chur isteach laistigh den tréimhse 6 mhí thosaigh ar chúiseanna réasúnta.

Faoi acht, níl sé de chumhacht dhlíthiúil ag OB ón CCAO nó ag an gCúirt Oibreachais fiúntas aon chinnidh atá déanta ag fostóir i dtaca le CO a mheas. Is éard is brí leis seo ná nach féidir leo breathnú laistiar d'fhiúntas an chinnidh, ní féidir leo ach breathnú ar an bpróiseas ar a bhfuil cinneadh an fhostóra bunaithe.

Is féidir leis an OB, nó an Chúirt Oibreachais i ndiaidh achomhairc, ordú don fhostóir ailt áirithe den Acht a chomhlíonadh agus/nó cúiteamh a dhámhachtain don fhostaí, méid nach mó nó 4 seachtaine de luach saothair le híoc ag an bhfostóir.

Is gnách go n-éistear géaráin a chuirtear ar aghaidh chuig an CCAO agus an Chúirt Oibreachais go poiblí, agus ainmnítear na páirtithe sna cinntí, ach amháin i gcúinsí sainiúla.

## Taifid a Choinneáil

Ní mór d'fhostóir taifead a choinneáil ar na socruithe CO faofa atá tógtha ag a c(h)uid fostaithe. Má theipeann ar fhostóir taifid a choinneáil, dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil suas go €2,500 a chur air/uirthi. Ní mór an taifead a choinneáil ar feadh trí bliana agus ní mór iad seo a bheith istigh ann:

- tréimhse fostaíochta gach fostaí agus
- na dátaí a raibh gach fostaí ar shocrú CO faofa; agus
- an líon uaireanta a bhí gach fostaí ar shocrú CO faofa.

Ní mór don fhostóir agus don fhostaí gach fógra, nó cóipeanna d'fhógraí a thugann nó a fhaigheann an fostóir nó fostaí a choinneáil ar feadh bliain amháin freisin.

# Iarratais Bheartais agus ar Theimpléad

# Beartas um Chothromaíocht Oibre agus Saoil a Fhorbairt

Ba cheart an teimpléad seo a mheas mar phointe tosaigh chun Beartas um Chothromaíocht Oibre-Saoil a fhorbairt do d'eagraíocht.

Má théann fostóirí i dteagmháil lena f(h)ostaithe agus a n-ionadaithe agus beartas um chothromaíocht oibre agus saoil á fhorbairt acu dá (h) eagraíocht, is féidir go dtabharfar deis d'fhostóirí, leis an bpróiseas seo, na paraiméadair maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn OS agus/nó CA ina (h)eagraíocht a leagan amach. Is féidir gur deis d'fhostaithe a bheidh ann ionchur a bheith acu agus deis éisteachta a fháil dá gcuid tuairimí. I mbeartas láidir, ba chóir go leagfaí amach aon riachtanas nó tosca sonracha a bhaineann leis an bhfostaíocht sin a chuirfear san áireamh agus iarratais ar OS agus CO á mbreithniú.

Aithnítear go bhfuil difríochtaí idir áiteanna oibre agus nach bhfuil aon bheartas caighdeánach ann i dtaca le Cothromaíocht Oibre agus Saoil. Aithnítear nach mbeidh gach áit oibre fabhrach do chianobair. Ba chóir go léireofaí i mbeartas an áit oibre agus ba chóir dó a bheith comhréireach le méid agus le hacmhainní na heagraíochta.

## 1. Réamhrá

Leag amach do thiomantas maidir le cothromaíocht oibre-saoil a éascú, agus má bhí comhairliúchán roimh ré leag amach cé leis ar comhaontaíodh an beartas – mar shampla, i gcomhairle le ceardchumann nó grúpa ionadaithe fostaithe. Oscailt shamplach:

Tá an eagraíocht seo tiomanta chun tacú le socruithe Cothromaíochta Saoil agus Oibre dár mbaill foirne, agus é á thabhairt chun cuimhne nach bhfuil aon cheart uathoibríoch ar obair sholúbtha nó ar chianobair agus má aontaítear ar shocrú, nach mór don socrú sin a bheith oiriúnach don ghnó agus don fhostaí.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcomhlíontar forálacha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998-2023 agus an Achta um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023. Ba chóir iad seo a léamh ag an am céanna le cothromas fostaíochta agus le haon cheart nó freagracht fostaithe eile atá ann.

Leagtar amach sa bheartas seo na socruithe a mbeidh feidhm acu i dtaca le hobair sholúbtha agus cianobair san eagraíocht seo.

Pléifidh an eagraíocht seo le gach iarratas ar bhealach oibiachtúil, cóir agus réasúnta, i gcomhréir leis an reachtaíocht, leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCód Cleachtais an CCAO maidir le Fleisc-am agus Cian-Obair agus leis an mbeartas seo.

## 2. Incháilitheacht an Róil

Leag amach cé leo a mbaineann an beartas e.g.

Baineann an beartas seo le gach fostaí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta do chianobair nó obair sholúbtha mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 - 2023 agus san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023. Aontófar iarrataí ar obair sholúbtha nó ar chianobair ar bhonn cás ar cás bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus i gcomhréir leis an mbeartas. I gcás go n-aontaítear le hiarraidh amháin nó go ndiúltaítear d'iarraidh amháin, ní dhéanfar fasach a bhunú, nó ní chruthaítear an ceart, ina dtabharfar nó ina ndiúltófar d'fhostaí eile an t-athrú céanna a fháil ar a gcuid patrún oibre. Éilítear ar fhostaithe agus ar an mbainistíocht a bheith réadúil agus a aithint nach mbeidh gach socrú oibre solúbtha agus/nó cianoibre oiriúnach do gach ról.

Le linn aon iarratas ar oibriú solúbtha agus cianobair a mheas, cuirfear san áireamh oiriúnacht ról an iarratasóra don socrú oibre a iarrtar ag cur san áireamh an reachtaíocht ábhartha agus Cód Cleachtais an CCAO ar Obair Sholúbtha agus Cianobair.

## 3. Incháilitheacht an Fhostaí

Ba chóir go leagfaí amach sa bheartas aon riachtanais oiriúnachta a bheadh ar an bhfostaí a chomhlíonadh le go gcuirfí é/í san áireamh le haghaidh socruithe oibre solúbtha agus cianoibre, agus d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh ann do na treoirlínte maidir le hincháilitheacht fostaí a mheas agus iarraidh á mheá, atá leagtha amach i gCód Cleachtais an CCAO maidir le hObair Sholúbtha agus Cian-Obair.

Ba chóir go leagfaí amach aon riachtanais seirbhíse, más ann dó, e.g.

In ainneoin gur féidir le fostaí cur isteach ar shocrú oibre solúbtha nó cianoibre ag am ar bith, ní mór go mbeadh 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach déanta acu leis an bhfostóir sular féidir leis an socrú tosú.

## 4. Sláinte agus Sábháilteacht

Ba chóir go leagfaí amach sa bheartas tiomantas an fhostóra chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na n-oibleagáidí maidir le soláthar áite sábháilte oibre agus córais sábháilte oibre a chinntiú. Ba chóir a mheabhrú d'fhostaithe a n-oibleagáidí i dtaca lena sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile agus iad ag an obair a chinntiú.

Cuireann Treoir Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde maidir le Cianobair an Údaráis um Shláinte agus Sábháilteachta treoir ar fáil d'fhostóirí agus fostaithe maidir le róil agus freagrachtaí i dtaca le cianobair, agus leis an bpróiseas measúnaithe riosca don chianobair. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta soiléir go dtiteann an fhreagracht as sláinte agus sábháilteachta ar an bhfostóir cibé an bhfuil obair á déanamh go cianda nó nach bhfuil. Ba chóir d'fhostóirí agus fostaithe ceadú don treoir seo agus a bheith eolach uirthi nuair atá siad ag cur isteach ar chianobair agus nuair atá iarratais ar chianobair á mbreithniú acu.

## 5. Socruithe Oibre

Leag amach cé na cineálacha socruithe oibre a bhreithneofar i d'eagraíocht e.g.

- an baile mar phríomháit oibre.
- an obair a roinnt go cothrom idir an baile agus an oifig.
- an oifig mar phríomháit oibre, agus obair sa bhaile ó am go chéile.
- obair i moil.

D'fhéadfadh gur mhaith leat a shoiléiriú sa bheartas:

- cár féidir le fostaí obair má tá sé/sí ag obair go cianda, lena n-áirítear srianta ar bith maidir le dlínse nó difríochtaí idir na hamchriosanna má oibríonn sé/sí lasmuigh den dlínse seo.
- cá háit agus cathain a bhféadfadh go mbeadh orthu freastal ar an láthair – cé chomh minic, cá fhad, agus cad iad na cúiseanna m.sh. ionduchtú nó oiliúint éigeantach.

Mínigh gur treoirlínte iad seo a leanfaidh tú go ginearálta, ach gur féidir leat iarratais lasmuigh de na teorainneacha seo a mheas ag brath ar chúinsí an fhostaí.

Leag amach cé na cineálacha socruithe oibre eile a bhreithneofar i d'eagraíocht e.g.:

- Obair pháirtaimseartha.
- Obair théarma.
- Postroinnt.
- Fleisc-Am.
- Uaireanta oibre dlúite.

## 6. Solúbthacht

Is féidir a leagan amach sa bheartas go bhfuil an fostóir ag súil go mbeidh fostaithe solúbtha chun riachtanais an ghnó a chomhlíonadh. Mar chuid de seo, d'fhéadfadh go mbeifí ag súil, mar shampla, go bhfreastalódh fostaí atá obair ar bhealach hibrideach, ar oiliúint, cruinnithe le custaiméirí, ócáidí srl. dá dtitfidís ar lá ar a mbeadh an fostaí ag obair ón mbaile de ghnáth.

## 7. Laethanta Ancaire/Ar an Láthair

Má éilíonn d'eagraíocht go bhfuil laethanta ar an láthair socraithe ann ar a gcaitheann fostaithe a oibríonn go cianda freastal ar an oifig, nó 'laethanta ancaire mar a thugtar orthu uaireanta, ba chóir

iad seo a leagan amach go soiléir i do bheartas e.g.

- Aontaíonn gach foireann lá/laethanta ancaire a dhéanamh gach seachtain bunaithe ar riachtanais an aonaid/na rannóige, agus/nó
- Táthar ag súil go reáchtálfaidh Comhlacht/Rannáin lá ancaire gach seachtain/mí.

## 8. Beartais Chomhlachta Eile

Ba chóir go leagfaí amach sa bheartas seasamh an chomhlachta i dtaca leis an mbealach ina bhfeidhmeodh beartais eile an chomhlachta i gcomhthéacs oibre solúbtha nó cianoibre nó an mbeadh athrú le déanamh orthu, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don mhéid seo e.g.

- Agus fostaí ag baint tairbhe as obair sholúbtha nó cianobair, déanfar bainistíocht feidhmíochta fós i gcomhréir leis an mbeartas bainistíochta feidhmíochta, nó seans go gcuirfear an beartas in oiriúint do bhainistíocht feidhmíochta ar chianobair le go mbeadh an dá pháirtí soiléir faoin gcaoi ina bhfeidhmeoidh sé seo.
- Beidh feidhm fós ag an mbeartas tinnis agus asláithreachta.
- Beidh oiliúint agus forbairt gairme fós ar fáil mar a leagtar amach i mbeartas na heagraíochta.
- Ní chuirfear srian le deiseanna dul chun cinn laistigh den eagraíocht má bhaintear tairbhe as obair sholúbtha nó cianobair.
- Beidh feidhm fós ag beartais maidir le gearáin agus beartais araíonachta.
- Beidh feidhm fós ag beartais slándála agus cosanta sonraí, maoine intleachtúla agus phríobháideachais.
- Beidh feidhm fós ag beartais RGCS agus beartais um thaifid a choinneáil.
- Beidh feidhm fós ag beartais i dtaca le bainistíocht ama, poncúlacht, agus an ceart chun dícheangal.
- Beidh feidhm fós ag beartais chomhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta.
- Beidh feidhm fós ag beartais maidir le foréigean baile.
- Beidh feidhm fós ag beartais meán sóisialta, ríomhphoist agus idirlín.
- Beidh feidhm fós ag beartais frithbhulaíochta.
- Beidh feidhm fós ag sláinte agus sábháilteacht Cheirde (ráitis sábháilteachta), tuairisciú teagmhas agus timpistí.

## 9. Uaireanta Oibre

Ba chóir go leagfaí amach sa bheartas na huaireanta oibre atá i bhfeidhm sa chaidreamh oibre e.g.

- Sa chomhlacht seo is iad na gnáthuaireanta oibre ná 9am – 5pm. Mura n-aontaítear ar uaireanta oibre eile mar chuid de do shocrú oibre indibhidiúil i gcomhair cothromaíocht oibre agus saoil, táthar ag súil go mbeidh fostaithe ar fáil le linn na n-uaireanta seo. Má aontaítear ar uaireanta oibre malartacha, cuirfear an comhaontú seo mar aguisín le do chonradh fostaíochta.
- Táthar fós ag súil go gcoinneoidh fostaithe atá ag obair go cianda na huaireanta oibre céanna seo chomh maith leis na teidlíochtaí sosa agus scíthe is a bheadh acu san oifig, agus ba chóir dóibh uaireanta a thaifeadadh ar a mbealach céanna de réir na nósanna imeachta sonraithe.

Ba chóir a chur in iúl d'fhostaithe má tá siad ag obair go cianda, go bhfuil sé tábhachtach dícheangal ón obair lasmuigh de na huaireanta oibre e.g.

Níltear ag súil go n-oibreoidh fostaithe lasmuigh dá n-uaireanta conartha agus iad ag obair go cianda agus moltar dóibh eolas a chur ar Chód Cleachtais d'Fhostóirí agus Fostaithe maidir leis an gCeart chun Dícheangal an CCAO.

## 10. Timpeallacht Oibre

Ba chóir d'fhostóir a chur in iúl d'fhostaithe má táthar chun measúnú a dhéanamh ar ionad oibre cianda i dtaca lena hoiriúnaí is atá sé d'obair. Ba chóir d'fhostóir na gnéithe a leagan amach a mbeidh an measúnú dírithe orthu e.g. sláinte agus sábháilteacht, slándáil agus príobháideachas, ceangal oiriúnach idirlín. Mínigh conas a rachfar i mbun an mheasúnaithe .i. cé a dhéanfaidh é, conas mar a dhéanfar é, má tá, nó cathain a bheidh rochtain ag teastáil srl.

## 11. Costais agus Speansais chun é a Chur ar Bun

Beidh ó fhostóirí a leagan amach, cé na costais, más ann dóibh, a eascróidh as socruithe cothromaíochta oibre agus saoil, seachas na cinn a eascraíonn as trealamh a bhaineann le hobair a sholáthar agus a chothabháil, agus ba chóir go leagfar amach go soiléir sa bheartas d'fhostóirí aon socrú ar leith atá ann le haghaidh aisíocaíochta.

## 12. Cáin

Ba chóir go leagfaí amach sa bheartas conas mar a rachaidh obair chianda i bhfeidhm ar dhliteanais chánach d'fhostaithe e.g.

- Seans go mbeidh tú in ann faoiseamh cánach a éileamh ar chostais fóntais bhreise agus tú ag obair ón mbaile, lena n-áirítear leictreachas, teas agus leathanbhanda. Ba chóir d'fhostaithe breathnú ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim chun tuilleadh eolais a fháil. Ag obair go cianda ón mbaile (revenue.ie)
- Seans go mbeidh impleachtaí cánach ann má oibríonn tú lasmuigh den tír ar feadh breis is 183 lá.

## 13. Dlínse

Ba chóir go leagfaí amach sa pholasaí raon feidhme tíreolaíochta/dlínse na socruithe oibre solúbtha agus cianoibre chun ionchais na bhfostaithe a bhainistiú i bhfianaise na gceart fostaíochta agus na n-impleachtaí cánach.

## 14. Athbhreithniú

### Athbhreithniú Beartais

D''fhéadfadh gur mhaith le fostóir dáta athbhreithnithe a chur isteach le gur féidir le beartas cothromaíochta oibre agus saoil athrú nuair a chuirtear san áireamh an méid atá á fhoghlaim faoin mbealach ina bhfuil socruithe ag oibriú amach d'fhostaithe agus don ghnó thar thréimhse ama. Is féidir measúnú tionchair comhionannais ar an gcaoi ina bhfuil an beartas ag obair ar leibhéal níos leithne a bheith mar chuid den athbhreithniú.

### Athbhreithniú Aonair

D'fhéadfadh an comhlacht Tréimhse Thrialach a chur isteach agus/nó athbhreithniú/ithe ar shocrú oibre solúbtha nó cianoibre fostaí. Ba chóir go leagfaí amach go soiléir sa bheartas cad a bheadh i gceist leis seo.

Ba chóir don chineál seo athbhreithnithe a bheith bunaithe ar shainchuntas poist atá ann cheana, sa chaoi is go bhfuiltear in ann tagairt a dhéanamh do tháscairí soiléire in aon phlé i dtaca le feidhmíocht agus go dtuigeann an dá pháirtí cad atáthar ag súil a fháil uathu. Ba chóir fadhbanna laethúla a thagann chun cinn le socrú oibre solúbtha nó cianoibre a thógáil agus a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil agus ní ceart go dtiocfaidh aon rud aniar aduaidh nuair a thagann an t-athbhreithniú foirmiúil ag deireadh na tréimhse trialaí e.g.

Tá gach socrú cianoibre nó oibre solúbtha faoi réir tréimhse thrialach thosaigh de xx mí. Leis an tréimhse thrialach tabharfar am d'fhostaithe agus bainisteoirí araon, a mheas conas atá ag éirí leis an socrú. Ba chóir aon fhadhb a thógáil/a phlé agus a réiteach go luath trí theagmháil leanúnach a dhéanamh leis an mbainisteoir. Reáchtálfar cruinniú athbhreithnithe foirmiúil idir an bainisteoir agus an fostaí ag deireadh na tréimhse trialaí, agus is féidir aon fhadhbanna a thagann chun cinn a phlé ansin d'fhonn iad a réiteach. Is féidir machnamh a dhéanamh ar thréimhse thrialach eile nó an socrú a fhoirceannadh má tá gá leis, nó más rud é nár tháinig aon fhadhbanna chun cinn is féidir an socrú a cheadú.

# Iarratas Teimpléadach ar Obair Sholúbtha

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar shocruithe oibre solúbtha faoi alt 13B de na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998-2023 chun críocha cúraim. Dearbhaímse, (cuir d'ainm isteach)

- Go bhfuil 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach nó go mbeidh 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach comhlíonta agam le (cuir isteach ainm an fhostóra) ar nó roimh dháta tosaigh an tsocraithe oibre solúbtha atá á iarraidh.
- Gur fostaí mé atá ina t(h)uismitheoir nó ina c(h)aomhnóir ar leanbh agus go bhfuil nó go mbeidh mé ag tabhairt cúraim don leanbh sin
  Nó
- Gur fostaí mé atá nó a bheith ag tabhairt cúram nó tacaíocht phearsanta do dhuine a bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth air/uirthi ar chúis liachta thromchúiseach.
- Roghnaigh na critéir a bhaineann leis an duine a bhfuil sé i gceist agat cúram a thabhairt dó/di:

  - do leanbh;
  - do chéile nó páirtnéir sibhialta;
  - do chomhchónaitheoir;
  - do thuismitheoir nó seantuismitheoir;
  - do dheirfiúr nó deartháir;
  - duine, seachas duine a shonraítear thuas, a chónaíonn leat;
    Agus
  - tá cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth ar an duine a bhfuil sé ar intinn agam aire a thabhairt dó ar chúis thromchúiseach leighis.

Seo a leanas an cineál socraithe oibre solúbtha atá á lorg agam:

| |
|---|
| |

Tabhair de d'aire más é cianobair an cineál oibre solúbtha atá á lorg agat, tá feidhm ag na riachtanais ionaid faoin reachtaíocht agus Cód Cleachtais an CCAO maidir le hObair Sholúbtha agus Cianobair. Cuir sonraí faoin ionad cianoibre isteach thíos.

Is é an t-ionad atá beartaithe agam do chianobair ná ___________________________. Creidim go bhfuil an t-ionad seo oiriúnach do chianobair faoi Chód Cleachtais maidir le hObair Sholúbtha agus Cianobair an CCAO ar na cúiseanna seo a leanas

| |
|---|
| |

Ba mhaith liom an socrú oibre solúbtha a thosú ar xxxxx. (Ba chóir don dáta seo a bheith ar a laghad 8 seachtaine i ndiaidh an dáta a gcuirtear an t-iarratas isteach). Ba mhaith liom úsáid a bhaint as an socrú oibre solúbtha seo go dtí an xxxxxx.

Cuirim an méid seo a leanas faoi iamh chun tacú le m'iarratas:

- Teastas breithe mo linbh nó teastas socrúcháin i gcás leanbh uchtaithe
  Nó
- Sonraí faoin ngaol atá agam leis an duine a bhfuil cúram de dhíth air/uirthi.
- An cineál cúraim nó na tacaíochta suntasaí atá ag teastáil.
- Fianaise ábhartha maidir leis an ngá atá ag an duine sin le cúram suntasach .i. teastas dochtúra ina luaitear go bhfuil cúram suntasach de dhíth ar an duine ar chúiseanna liachta agus atá sínithe ag dochtúir nó fianaise oiriúnach eile.

Arna shíniú

____________________

Dáta

# Iarratas Teimpléadach ar Chianobair

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar chianobair dá bhforáiltear faoi alt 20 den Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023. Dearbhaímse, (cuir d'ainm isteach)

Go bhfuil 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach nó go mbeidh 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach comhlíonta agam le (cuir isteach ainm an fhostóra) ar nó roimh dháta tosaigh an tsocraithe cianoibre atá á iarraidh.

Táim ag lorg cianoibre a thosóidh ar an xxxxxx. (Ba chóir don dáta seo a bheith ar a laghad 8 seachtaine i ndiaidh an dáta a ndéantar an t-iarratas). Cuir isteach dáta éaga más infheidhme.

Seo a leanas na cúiseanna atá agam le cianobair a iarraidh.

Tabhair de d'Aire: Seo an deis atá agat na cúiseanna indibhidiúla atá agat le cianobair a iarraidh. Úsáidfear an méid seo chun do riachtanais cothromaíochta oibre agus saoil agus chun d'iarratas ar chianobair a bhreithniú.

| |
|---|
| |

Is é an t-ionad atá beartaithe agam do chianobair ná ___________________________

Creidim go bhfuil an t-ionad seo oiriúnach do chianobair faoi Chód Cleachtais maidir le hObair Sholúbtha agus Cianobair an CCAO ar na cúiseanna seo a leanas.

| |
|---|
| |

Comhlíonfaidh mé beartais ábhartha an chomhlachta, amhail Úsáid TCF, Cosaint Sonraí agus Príobháideachas, Éagsúlacht agus Comhionannas, Gearáin agus Araíonacht, Sláinte agus Sábháilteacht, agus cosnóidh mé faisnéis rúnda agus maoin intleachtúil an chomhlachta srl.

Moltar d'fhostaithe an oiread faisnéise ábhartha a chur ar fáil agus is féidir ina n-iarraidh le gur féidir é a bhreithniú ina iomláine.

Arna shíniú

____________________
Dáta

Áras Lansdún, Bóthar Lansdún, Droichead
na Dothra, Baile Átha Cliath 4, Éire D04 A3A8.

Lansdowne House, Lansdowne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, Ireland D04 A3A8.

T: 0818 80 80 90
E: info@workplacerelations.ie
www.workplacerelations.ie

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission